

Sláinte & Sábháilteacht agus an t-ábhar bunúsach atá de dhíth




Tráth Bliana

Am ar bith den bhliain .

Ceangal trasna an Churaclaim

OSIE: Dúile beo, feasacht agus cúram imshaoil.
Teangacha: Focail nua/litriú/litearthacht.
OSPS: Saoránacht ghníomhach fhreagrach.



1

Obair go sábháilte sa gharraí

- Mínítear agus taispeántear nósanna sábháilte oibre.
- Tugtar nósanna oibre den tsábháilteacht chun cinn maidir leis an úsáid as trealamh agus ábhar eile sula dtosaítear ar an ngarraí.
- Mínítear an úsáid a bhaintear as gach uirlis faoi leith.
- Taispeántear i gcónaí an bealach ceart le breith ar uirlis, leis an uirlis a iompar agus a oibriú (faightear amach sin roimh an rang mura bhfuiltear cinnte cheana féin!).
- Ná ligtear do na páistí rith riamh nuair atá uirlis acu.
- Cuirtear de chomhairle ar na páistí cead a iarraidh ar dhuine fásta i gcónaí sula n-itear aon rud atá ag fás sa gharraí.
- Ba chóir go mbeadh éadach oiriúnach á chaitheamh ag na daltaí - buataisí agus éadach te.
- Ba chóir miotóga aon uaire a bheith á gcaitheamh ag na páistí nuair atáthar ag plé le múirín.
- Ba chóir go dtuigfeadh na múinteoirí an chontúirt ó thaobh fisice, ceimice agus bitheolaíochta atá in ábhar de leithéid 'Múirín Orgánach' don duine, don ainmhí agus don imshaol.
- Nuair a bhítear i ngar don mhúirín orgánach, tarraingítear aird na bpáistí agus na foirne ar an gcontúirt bhitheolaíochta. Substaint ghuaiseach a thugtar ar ábhar a dtarlódh dochar uaidh. Ba chóir bheith cúramach ag plé le substaint den chineál sin.
- Aithnítear comharthaí agus lipéid choitianta lena gcuirtear in iúl go mbeadh contúirt ag baint le huirlis nó táirge garraíodóireachta.
- Déantar de réir an mhodh oibre maidir le ceimiceach talmhaíochta a úsáid agus diúscairt a dhéanamh ar an ngabhdán.
- Leagtar amach na phríomhfhórlacha maidir leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair.
- Luaitear gnás cuí maidir le cúram garchabhrach agus gnás éigeandála i gcás timpiste.
- Cinntítear go gcloítear leis na gnáis maidir le hábhar agus uirlisí a láimhseáil nuair a bhítear sa gharraí.
- Cinntítear go nionn gach páiste na lámha go cúramach le gallúnach tar éis garraíodóireacht a dhéanamh.

Tá breis eolais faoi chúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta sna scoileanna ar fáil ach an láithreán gréasáin seo a leanas a bhreathnú www.hsa.ie/eng/Education/Managing_Safety_in_Schools

Fás faoi bhia agus ghairneoireacht na hÉireann

Bord Bia
Irish Food Board

Garraíodóireacht Orgánach sa Bhunscoil
Sláinte & Sábháilteacht agus an t-ábhar bunúsach atá de dhíth

Sláinte & Sábháilteacht agus an t-ábhar bunúsach atá de dhíth ar lean.



2

Na hacmhainní is gá chun garraí a thosú (díol aon rang amháin):

- Síolta orgánacha.
- 15 lián láimhe agus picín láimhe.
- 15 péire miotóga.
- 12 píce agus lái le cosa gearra (*maille le 4 shluasaid, 2 raca agus 2 ghráfóg le cosa fada, má roghnaítear sin*).
- 6 mhiondeimheas (*maille le 2 scoiteoir má roghnaítear sin*).
- 1 barra roth (*nó níos mó*).
- 4 channa uisce (*maille le píobán agus deis a cheangailte leis an sconna, má roghnaítear sin*).
- Potáí agus trádairí éagsúla (tugtar athchúrsáil nó athúsáid orthu nuair is féidir).
- Cipíní líreacáin nó lipéid plandaí.
- Ruóg.
- Saileach nó bambú mar thaca le plandaí (fástar iad seo más féidir).
- Gabhdán múirín (féach an bhileog chúnta maidir le Déanamh Múirín).
- Fearas garchabhrach.
- Ábhar na gceapacha ardaithe (féach an bhileog chúnta maidir le Ceapacha Ardaithe a Dhéanamh).
- Millíní orgánacha in aghaidh slugaí.
- *Feamainn mhionaithe, aoileach scuaide - roghnach.*
- *Clúdach bitheangaigh, eangach chosanta in aghaidh lotnaidí agus chreachadóirí - roghnach.*

NÓTA Dóibh siúd atá tugtha don gharraíodóireacht an t-ábhar sa chló iodáilteach - níl bunghá leo!



3

Ciste don Gharraí

Is féidir garraí a chur ar bun gan aon airgead breise lena aghaidh ach cuirfidh roinnt uirlisí a cheannach dlús leis an obair. D'fhéadfaí labhairt le coiste na dtuismitheoirí maidir le hairgead tionscanta; d'fhéadfaí ábhar a fháil saor in aisce ó na tuismitheoirí, trí bhronntanais nó trí airgead a bhailiú i measc an phobail ar fad. Beidh an chuid is mó den ábhar ar fáil ó ionad garraíodóireachta áitiúil ach seo a leanas liosta d'ábhar athchúrsáilte a bheadh ar fáil in aisce (féach freisin an bhileog chúnta maidir le páirtíocht an phobail):

- Boinn carranna nó tarracóirí a gcuirfí plandaí iontu.
- Potáí iógart nó cartán bainne le haghaidh síolta nó crainn.
- Sorcóra rollaí páipéar leithris le haghaidh síolta nó pónairí (is féidir iad a chur díreach sa talamh).
- Seanchairpéad mar mhóta ar na ceapacha (féach an bhileog chúnta maidir le plandaí amuigh faoin aer).
- Seanchuirtní eangaigh le plandaí a chosaint.
- Cairchlár mar mhóta ar na ceapacha.
- Buidéil phlaistigh mar chosaint do na plandaí.

4

Comhairle Mhaith ionas gur éasca an obair taobh amuigh

- Ullmhaítear don obair roimh ré - bíodh na hacmhainní agus an trealamh faoi réir.
- Mínítear an obair go mion do na páistí sa seomra ranga sula dtéitear amach.
- Roinntear an rang ina ngrúpaí sula dtéitear amach agus na grúpaí oiriúnach don chineál oibre atá le déanamh.
- Cuirtear páistí cúramacha in éineacht leis na páistí is mó fuinnimh nó éir in airde.

Fás faoi bhia agus ghairneoireacht na hÉireann

Bord Bia
Irish Food Board



Garraíodóireacht Orgánach sa Bhunscoil
Sláinte & Sábháilteacht agus an t-ábhar bunúsach atá de dhíth

Sláinte & Sábháilteacht agus an t-ábhar bunúsach atá de dhíth ar lean.



5

Ranganna a Riar Amuigh faoin Aer

Ar na chéad rudaí a chaitear a dhéanamh maidir le garraíodóireacht phraiticiúil, tá rialacha an gharraí a leagan síos leis na páistí. Is féidir iad a chur suas sa seomra ranga agus sa gharraí nó sa seid. Coinnítear gearr gonta iad, cúig nó sé cinn de rialacha ar a mhéid. Ba chóir dul i gcomhairle leis na páistí agus na rialacha á leagan amach (is fearr a fhanfaidh siad ina n-intinn ansin!) agus ba cheart go mbeadh baint ag na múinteoirí agus ag na tuismitheoirí leis an gcúram chomh maith. Tarraingítear aird ar na rialacha ag tús gach seisiún garraíodóireachta.

Samplaí de Rialacha le haghaidh an gharraí:

- Seomra ranga atá anseo!
- Caitear éisteacht nuair a bhíonn an múinteoir ag caint.
- Bítear cúramach mar gheall ar gach ainmhithe beo agus bíodh meas orthu, na daltaí eile sa rang san áireamh!

Tharlódh gur deacair an rang a bhainistiú amuigh faoin aer ó tharla go gceanglaítear dul amach le fuinneamh agus spraoi. Is féidir an fuinneamh sin a cheansú agus a chur chun tairbhe trí obair chuí a dhéanamh ag tús agus deireadh an tseisiúin.

Seo a leanas roinnt smaointe:

- Tugtar an grúpa ar shiúlóid ghairid timpeall an gharraí, tugtar faoi deara aon athrú a tháinig ón seisiún roimhe seo, cé na plandaí atá ag fás faoi láthair?
- Iarrtar ciúnas ar feadh nóiméid - cad atá le cloistéáil?
- Socraítear beart praiticiúil oibre, e.g. cloch mhín, cleite, bláthanna nó duilleoga a bhailiú.

De réir mar a bhíonn na páistí ag dul amach go rialta, tiocfaidh siad i gcleachtadh an tseomra ranga faoin aer agus is féidir leo tosú ag glacadh roinnt freagrachta (faoi mhaoirseacht) orthu féin, mar shampla, na heochracha a fháil don tseid, na huirlisí a thabhairt amach agus uisce a chur ar na plandaí.

6

Tionscadail Taighde

Oidhreacht an Cheantair – An úsáid a bhaintí as uirlisí anall trí réanna éagsúla a scrúdú.

Teangacha – Fiosraítear ainmneacha uirlisí; an bunús agus an chiall atá leo.

Ealaín/Cumarsáid – Ábhar taispeántais a chur le chéile don gharraí nó do chlár fógraí na scoileanna glasa maidir le rialacha sa gharraí agus uirlisí atá sa seid.

Adhmadóireacht – Cosa agus lámha nua a chur in áit chinn atá briste ar na huirlisí.

Áit a mbeadh breis eolais le fáil

The Year Round Organic School Garden (Living Publications)

ISBN 978 0 9561301-0-5 gortbrackorg@gmail.com



Fás faoi bhia agus ghairneoireacht na hÉireann

Bord Bia
Irish Food Board

Garraíodóireacht Orgánach sa Bhunscoil
Sláinte & Sábháilteacht agus an t-ábhar bunúsach atá de dhíth